# Scéalta spóirt – rugbaí

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scéalta rugbaí. Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat sula bhféachfaidh sibh ar an mír.

1. Cad atá ar eolas againn faoin athraitheach, Omicron, ag an bpointe seo?
2. Cad é ábhar an scéil, dar leat?

**Ceist 2** Cad is brí leis na focail agus leis na frásaí seo a bheidh le cloisteáil sa mhír?

| |
|---|
| *An Afraic Theas* |
| *fíorchasta* |
| *go forleathan* |
| *craobh* |
| *curtha ar ceal* |
| *tháinig cás amháin chun cinn* |
| *seachas* |
| *gartheagmhálaí* |
| *corraí* |
| *in aimhréidh* |

Féach ar an tuairisc den chéad uair. An dtuigeann tú na focail níos fearr nuair a chloiseann tú iad i gcomhthéacs?

**Ceist 3** Féach ar an tuairisc den dara huair. An bhfuil na ráitis seo thíos fíor nó bréagach?

1. Is é Jack Chambers an tAire Sláinte.

2. Tá sé an-chasta teacht abhaile ón Afraic Theas mar gheall ar an athraitheach nua, Omicron.

3. Bhí na Muimhnigh in ainm is a bheith ag imirt in éadan na *Bulls* Dé hAoine seo caite.

4. Is foireann de chuid na Breataine iad *Scarlets*.

5. D'éirigh leis na hIodálaigh agus le foireann na Breataine Bige dul abhaile.

6. Níl ach duine amháin d'fhoireann na Mumhan nach féidir dul abhaile go fóill.

7. Beidh ar fhoireann na Mumhan féinaonrú a dhéanamh nuair a thuirlingeoidh siad in Éirinn.

8. Beidh Corn *Heineken* na hEorpa ag dul ar aghaidh mar a bhí beartaithe.

**Ceist 4** '…*thall*…' agus anall

Cuir na focail atá sa chiorcal in aice leis an bpictiúr cuí.



ag dul _____
ag teacht _____


_____

ag dul _____
ag teacht _____


_____

ag dul _____

_____


ag dul _____

_____

**Ceist 5** '…*i* ***m****bun*…' agus '…*in aimhréidh*…'

1. Cad is féidir leat a rá faoi an samplaí thuas ón mír?
2. Cad é an t-urú a chuirtear roimh **b**, **c**, **d**, **f**, **g**, **p** agus **t**?

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An bhféachann tú ar aon spórt ar an teilifís? Cén fáth?
2. An ndéanann aon spórt a imrítear in Éirinn dochar don tsláinte? Pléigh.

**Treoracha agus Freagraí**
**Ceist 1**
Tá an plé seo le déanamh sula seinnfear an tuairisc.

**Ceist 2**

| | |
|---|---|
| 1. An Afraic Theas | *South Africa* |
| 2. fíorchasta | *very complicated* |
| 3. go forleathan | *widespread* |
| 4. craobh | *championship* |
| 5. curtha ar ceal | *cancelled* |
| 6. tháinig cás amháin chun cinn | *one case surfaced* |
| 7. seachas | *except* |
| 8. gartheagmhálaí | *close contact* |
| 9. corraí | *move, stir* |
| 10. in aimhréidh | *in a mess, complicated* |

**Ceist 3**
1. Bréagach. Is é an tAire Stáit Gaeltachta agus Spóirt é.
2. Fíor.
3. Bréagach. Dé Sathairn seo caite.
4. Bréagach. Foireann de chuid na Breataine Bige.
5. Fíor.
6. Bréagach. Beirt.
7. Fíor.
8. Ní fios go díreach, ach deirtear ‘d’fhéadfadh Corn *Heineken* na hEorpa freisin a bheith buailte agus Cúige Mumhan le haghaidh a thabhairt ar *Wasps* Londain sa gComórtas sin, coicís ó inné.’

**Ceist 4**

| | | | |
|---|---|---|---|
| ag dul **suas** | **thuas** | ag dul **síos** | **thíos** |
| ag teacht **aníos** | | ag teacht **anuas** | |
| ag dul **isteach** | **istigh** | ag dul **amach** | **amuigh** |

**Ceist 5**
1. Cuirtear urú ar ainmfhocail dar tús consan tar éis an réamhfhocail shimplí ‘i’. Cuirtear ‘in’ roimh ainmfhocail a thosaíonn le guta.
2. **m**b, **g**c, **n**d, **bh**f, **n**g, **b**p agus **d**t

**Ceist 6**
Is féidir triúr nó ceathrar a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Ruairí Mac an Iomaire**

Cúrsaí rugbaí ar dtús tráthnóna, agus táthar ag déanamh gach ar féidir a dhéanamh, a deir an tAire Spóirt, Jack Chambers, le foireann rugbaí na Mumhan a thabhairt abhaile slán ón Afraic Theas, agus cúrsaí taistil ón tír sin anois fíorchasta go deo de bharr Omicron, an cineál nua, ar ndóigh, den víreas COVID a bheith forleathan anois sa tír.

Tá socruithe á ndéanamh, deirtear, le formhór fhoireann rugaí na Mumhan a thabhairt abhaile as Cape Town. Thaistil na Muimhnigh chun na hAfraice Theas seachtain ó shin ar ndóigh agus iad le dhá chluiche a imirt thall, mar chuid den Chraobh Rugbaí Aontaithe. An cluiche idir iad féin agus na *Bulls* a bhí le tarlú Dé Sathairn curtha ar ceal ansin Dé hAoine de bharr an chineáil nua 'Omicron' den víreas COVID, atá anois go forleathan sa tír.

D'éirigh le foireann *Zebre* na hIodáile agus le *Scarlets* na Breataine Bige, a bhí freisin le cluichí a imirt thall, an tír a fhágáil ar eitilt speisialta inné, agus bhí súil ag Cúige Mumhan agus ag na *Cardiff Blues* taisteal leo. Ach tháinig cás amháin chun cinn i measc fhoireann na Mumhan agus dá bharr, b'éigean dóibh filleadh ar an óstán agus dul i mbun aonrú. Táthar dóchasach anois a dúirt an tAire Spóirt, Jack Chambers, go mbeidh siad ar fad in ann filleadh seachas beirt – an té ar a bhfuil an víreas agus duine a bhí ina ghartheagmhálaí dó sin.

Tá tástáil PCR eile déanta inniu ag na Muimhnigh ar fad thall inniu. Dá bharr, beidh sé amárach ar a laghad sula mbeidh aon duine in ann corraí. Beidh orthu ar fad ansin dul i mbun aonrú go ceann deich lá nó mar sin nuair a shroicheann siad Éire. Ní hamháin anois go bhfuil an Chraobh Rugbaí Aontaithe go mór in aimhréidh, ach d'fhéadfadh Corn *Heineken* na hEorpa freisin a bheith buailte agus Cúige Mumhan le haghaidh a thabhairt ar *Wasps*, Londain, sa gComórtas sin, coicís ó inné.